

Athrú Uimh. 2(b-Gaeltacht)
Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe, 2015 – 2021
á chur os comhair

Chomhairle Chontae na Gaillimhe

Aighneacht agus Moladh
ó
Chumann Forbartha Chois Fharraige

An Moladh:

(i) Go dtarraingeofar siar Athrú Beartaithe Uimh. 2(b) agus go gcuirfear síneadh ama cuí le Plean Cheantar Áitiúil na Gaeltachta 2008-2018.

(ii) Go ndéanfar tús a chur le próiseas comhairliúcháin le hathnuachan a dhéanamh ar Plean Cheantar Áitiúil na Gaeltachta, le go mbeidh cuspóirí, polasaithe is forálacha leagtha síos ann, a bheas ag tacú le Cuspóir G1 de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 agus le hAlt 10.2(m) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000.

8 Eanáir 2018

Cruinniú faoin Athrú Uimh. 2(b-Gaeltacht)

Tá an aighneacht seo ón gCumann Forbartha ag eascairt as cruinniú a reáchtáil Cumann Forbartha Chois Fharráige ar an 04 Eanáir 2018 leis an dréacht foilsithe den Athrú Beartaithe Uimh. 2(b) a phlé.

Ardaíodh roinnt pointí le linn an chruinnithe:

- Cé go dtugtar Plean Gaeltachta air (1.1), ní plean Gaeltachta atá ann. Ní chlúdaíonn sé riachtanais ár gceantair (Cois Fharráige - a bhfuil níos mó daoine ina gcónaí ann ná sna ceantair lonnáíochta).
- Ní leor an chosaint a thugtar don Ghaeilge, fiú amháin sa Spidéal, an t-aon áit i gCois Fharráige ina mbeidh Clásal Feidhme Teanga á chur i bhfeidhm.
- Tá botúin sa doiciméad féin i dtaobh chomhdhéanamh na ndúichí.
- Tá an cosc tógála a bhaineann leis na seacht mbealach atá molta don bhóthar nua ag cur as go mór don phobal agus níl aon tagairt dóibh sa doiciméad.
- Tá rialacha pleanála i bhfeidhm faoi láthair atá deacair a shásamh, nach bhfuil réasúnta agus ar constaic mhór iad do dhaoine ón gceantar atá ag iarraidh teach a thógáil sa bpobal as ar fáisceadh iad. Ní áiríonn an doiciméad na constaicí sin.
- Ní raibh an próiseas comhairliúcháin i dtaca le plean a chur le chéile do cheantar Gaeltachta sásúil agus ní raibh Gaeilge ag ceachtar de na hinnealtóirí a bhí i mbun an chomhairliúcháin leis na pobail.
- Is léir go dteastaíonn foireann bhreise i Rannóg Pleanála na Comhairle Chontae, foireann le Gaeilge ach go háirithe, le gur féidir leo seirbhís iomlán a thabhairt do phobal na Gaeltachta.
- Tuigtear gur eisíodh imlitir PL2/2017 a thugann le fios go bhfuil Creat Náisiúnta Pleanála agus Treoirlínte Pleanála Tuaithe nua le heisiúint go gairid a chuirfidh san áireamh breithiúnas i gCúirt na hEorpa faoin *Flemish Decree Case*. D'fhéadfadh impleachtaí tromchúiseacha a bheith aige seo do pholasaithe lonnáíochta sa nGaeltacht agus do pholasaithe i dtaobh chosaint na Gaeilge. I

bhfianaise a bhfuil scríofa san imlitir, níor cheart athrú ar bith a dhéanamh ar pholasaithe lonnaíochta sa nGaeltacht faoi láthair.

Ag an gcruinniú chomh maith léiríodh díomá leis an dréacht ar dhá mhórchúis:

- (i) níl aon soláthar déanta san athrú do riachtanais tithíochta i gceantar Chois Fharraige ach amháin i gcás Sráidbhaile an Spidéil;
- (ii) laghdaíonn an tAthrú Beartaithe an chosaint a bheas ag an nGaeilge mar theanga an phobail i gceantar Chois Fharraige agus i gceantair Ghaeltachta eile a bhfuil an Ghaeilge in úsáid iontu mar theanga laethúil.

Seo a leanas an moladh, ar glacadh leis d'aonghuth ag an gcruinniú, le cur ar aghaidh chuig Comhairle Chontae na Gaillimhe:

I bhfianaise an mhéid thuasluaite, is mian linn an moladh seo a chur os comhair Chomhairle Chontae na Gaillimhe:

- (i) Go dtarraingeofar siar Athrú Beartaithe Uimh. 2(b) agus go ndéanfar síneadh ama cuí a chur le Plean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta 2008-2018.*
- (ii) Go ndéanfar tús a chur le próiseas comhairliúcháin le hathnuachan a dhéanamh ar Phlean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta, le go mbeidh cuspóirí, polasaithe is forálacha leagtha síos ann, a bheas ag tacú le Cuspóir G1 de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 agus le hAlt 10.2(m) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000.*

Cosaint don Ghaeilge

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe le moladh as an gcosaint a tugadh don Ghaeilge mar theanga an phobail i bPlean Forbartha an Chontae agus i bPlean na Gaeltachta 2008- 2018. Mar sin féin, cé go bhfuil sé luaite san Athrú Beartaithe 2(b) go mbeidh sé mar chuspóir ag an gComhairle ‘oidhreacht teangeolaíochta agus chultúir na Gaeltachta a chosaint agus an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga an phobail’ [Cuspóir GL1], ní shonraítear na polasaithe a bheas á leanúint ag an údarás pleanála chun go mbeifear in ann gníomhú de réir an chuspóra thuasluaite.

Tá uair na cinniúna buailte linn ó thaobh inmharthanacht na Gaeilge mar theanga pobail i nDeisceart Chonamara. Le scór bliain anuas tá laghdú tagtha ar úsáid na Gaeilge sna ceantair is láidre Gaeltachta. Má leanann

an laghdú teanga ag an ráta céanna as seo go ceann 10 mbliana, tá an baol ann go dtiocfaidh an t-am nach mbeifear in ann an Ghaeilge a chaomhnú sa gceantar mar phríomhtheanga an phobail.

Má tharlaíonn sé seo, is tubaiste a bheas ann. Ní hamháin go mbeidh cailliúint eacnamaíoch ann don cheantar agus don chontae ach beidh lagú ar an bhféiniúlacht atá ag pobal Conamara Theas, féiniúlacht a thugann misneach don phobal agus a chothaíonn féinmhuinín i measc na ndaoine.

Tá Plean Teanga Chois Fharráige faofa ag Aire na Gaeltachta ón 21 Meán Fómhair, 2017 agus níor mhiste don Chomhairle Chontae aird a thabhairt ar na dúshláin atá luaite i Mír 11.9.7 den Phlean Teanga agus polasaí pleanála á leagan amach do cheantar Chois Fharráige, a mbeidh sé mar chuspóir aige an Ghaeltacht a chaomhnú agus a chur chun cinn sa bpróiseas pleanála.

Críoch.

Moladh

Ag an gcrúinniú, moladh agus glacadh d'aon ghuth iarraidh ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe:

(i) an tAthrú Beartaithe 2(a) a tharraingt siar agus ina áit síneadh ama a chur le Plean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta 2008 – 2018;

(ii) tús a chur le próiseas comhairliúcháin leis na pobail Ghaeltachta chun Plean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta 2008 – 2018 a thabhairt suas chun dáta agus a leasú le go mbeidh sé mar bhunchloch amach anseo ag Comhairle Chontae na Gaillimhe i dtaobh fheidhmiú dea-pholasaithe pleanála i nGaeltachtaí na Gaillimhe sna blianta amach romhainn.

Críoch.